*LEABHAIR*COMHAR

47 SRAID HARRINGTON, BAILE ÁTHA CLIATH 8

Guthán: +353 – 1 – 6785443. Ríomhphost: leabhaircomhar@gmail.com. Idirlíon: www.leabhaircomhar.com

LITRÍOCHT NA GAEILGE AR FUD AN DOMHAIN
CRUTHÚ, CAOMHNÚ AGUS ATHBHEOCHAN

IMLEABHAR I

Ríona Nic Congáil, Máirín Nic Eoin, Meidhbhín Ní Úrdail,
Pádraig Ó Liatháin agus Regina Uí Chollatáin (Eagarthóirí)

ISBN 978-0-9927313-3-5



LITRÍOCHT NA GAEILGE AR FUD AN DOMHAIN, IMLEABHAR I

Ó breacadh an dán 'Messe ocus Pangur Bán' sa naoú haois i lámhscríbhinn atá anois i mainistir Naomh Pól in Unterdrauberg i Carinthia (Kärnten, i ndeisceart na hOstaire), tá gnéithe de litríocht na Gaeilge á saothrú i gcomhthéacsanna éagsúla taobh amuigh d'oileán na hÉireann. Cad é an gaol idir scéalta taistil agus imirce na nGael agus cumadh, caomhnú agus seachadadh an léinn agus na litríochta ag tréimhsí éagsúla i stair chultúrtha na tíre? Cad iad na meáin agus na próisis chultúrtha a chuaigh i bhfeidhm ar litríocht na Gaeilge i gcomhthéacs diaspórach? Cad iad na seánraí nua a tháinig chun cinn agus cén ról a bhí ag pobail agus ag gréasáin thrasnáisiúnta i bhforbairt na litríochta in Éirinn féin? Cé chomh tábhachtach is atá an toise idirnáisiúnta do shaothrú an léinn agus na litríochta sa Ghaeilge sa lá atá inniu ann? Cad é ról na teicneolaíochta digití i gcothú scríbhneoireacht, léitheoireacht agus scoláireacht na Gaeilge i gcomhthéacs domhanda?

Tá 26 aiste sa dá imleabhar seo, scríofa ag scoláirí aitheanta agus ag scoláirí nua na Gaeilge, a théann i ngleic le ceisteanna agus comhthéacsanna idirnáisiúnta na Gaeilge le míle bliain anuas. Cuireann an dá imleabhar bonn nua faoin taighde sa ghort bisiúil ilghnéitheach seo.

'Leabhar réabhlóideach ann féin is ea an leabhar seo ar idirnáisiúntacht litríocht na Gaeilge. Le fada na blianta bhí an tuiscint ann gurb earra caol cúng í litríocht na Gaeilge, ag tochas ar a himleacán féin, gan de bheann uirthi ach a dán beag féin. Léiriú follasach is ea na haistí seo go raibh aigne na nGael le fán is go fairsing ar fud an domhain. Ó thosach aimsire ghuth na hÉireann tuigeadh nach rabhamar inár n-aonar, agus nochtann an saothar seo an teagmháil bhríomhar achrannach a bhí againn leis an domhan mór.'

- An tOllamh Alan Titley.

*LEABHAIR*COMHAR

47 SRÁID HARRINGTON, BAILE ÁTHA CLIATH 8

Guthán: +353 – 1 – 6785443. Ríomhphost: leabhaircomhar@gmail.com. Idirlíon: www.leabhaircomhar.com

LITRÍOCHT NA GAEILGE AR FUD AN DOMHAIN
CRITIC, CULTÚR AGUS COMHTHÉACS COMHAIMSEARTHA

IMLEABHAR II

Ríona Nic Congáil, Máirín Nic Eoin, Meidhbhín Ní Úrdail,
Pádraig Ó Liatháin agus Regina Uí Chollatáin (Eagarthóirí)
ISBN 978-0-9927313-4-2

LITRÍOCHT NA GAEILGE AR FUD AN DOMHAIN, IMLEABHAR II

Ba é Pádraig Mac Piarais a chéadfhógair tábhacht na hiasachta do nualitríocht na Gaeilge nuair a dúirt sé: 'Irish literature, if it is to live and grow, must get into contact on the one hand with its own past and on the other with the mind of contemporary Europe'. Ní beag an chomaoin atá curtha ag litríocht na hEorpa, agus go deimhin ag litríocht an domhain mhóir, ar shaothar scríbhneoirí na Gaeilge ó shin i leith. Feicfear san imleabhar seo, a bhaineann le saothair a cumadh ó aimsir na hathbheochana anuas go dtí ár linn féin, go bhfuil dhá mhórghné le haithint: nualitríocht na Gaeilge mar chuid de ghluaiseacht ilteangach iltoiseach idirnáisiúnta an nua-aoiseachais; agus scríbhneoireacht na Gaeilge mar léiriú ar na teagmhálacha cultúir agus teanga a tharlaíonn i gcomhthéacs na himirce agus an taistil. Spreagfaidh raon an ábhair sa leabhar seo machnamh as an nua ar litríocht na Gaeilge ina comhthéacsanna idirnáisiúnta.

'Gníomh tuisceana agus dóchais ann féin iad an dá imleabhar seo, a bhfuil os cionn dhá dhosaen alt iontu. Bhí na Gaeil i ngleic leis an saol mór riamh anall, ach teastaíonn saothar mór, leithéid an tsaothair seo, le go dtuigfí go beacht saibhreas agus scóipiúlacht a ngaoil is a gcaidrimh. Dá thábhachtaí an féinscrúdú náisiúnta i mblianta tosaigh na saoirse, ní cóir a bheith dall ar an siar is aniar a bhí ann gan stad idir lucht Gaeilge agus an domhan mór ó thús ré na staire, cuid de treascrach agus cuid eile éachtach, agus cuid eile fós ciúin ceilte. Ní ligfidh na seoidaistí fiosracha, scolártha seo dúinn dearmad a dhéanamh ar ghné bhunúsach d'oidhreacht na nGael, agus dá bhféiniúlacht.'

- An tOllamh Máire Ní Annracháin